*IARSCRÍBHINN IX*

**Gealltanais shonracha arna nglacadh ar láimh agus ceanglais arna nglacadh ag an Rómáin ag clabhsúr na caibidlíochta aontachais an 14 Nollaig 2004 (dá dtagraítear in Airteagal 39 den Phrótacal)**

I. **I ndáil le hAirteagal 39(2)**

(1) Plean gníomhaíochta Schengen, mar atá foilsithe in M.Of., p. I, nr. 129 bis/10.II.2005, mar atá arna leasú ar cothrom leis an acquis agus i gcomhréir leis na teorainneacha ama arna gcomhaontú, a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille.

(2) D'fhonn ardleibhéal faireacháin agus rialaithe a áirithiú ag teorainneacha seachtracha todhchaí an Aontais, iarrachtaí a bhrostú go suntasach i ndáil le trealamh agus bonneagar a nuachóiriú ag an teorainn ghlas, ag an teorainn ghorm agus ag pointí trasnaithe teorann, agus an cumas anailíse oibríochtúla priacail a fheabhsú tuilleadh. Ní foláir é sin a bheith léirithe i bplean infheistíochta ilbhliantúil aonair a thíolacfar tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2005 agus a chuirfidh ar chumas an Aontais dul chun cinn a thomhas ar bhonn bliantúil agus go dtí go ndéanfar an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Phrótacal a ghlacadh i ndáil leis an Rómáin. Ina theannta sin, ní foláir don Rómáin dlús suntasach a chur lena pleananna chun 4 438 gníomhaire agus oifigeach póilíneachta teorann a earcú agus go háirithe a áirithiú go sroichfear cheana tráth an aontachais leibhéal foirne chomh gar agus is féidir do 100 % ar na teorainneacha leis an Úcráin agus leis an Moldáiv agus ar chósta na Mara Duibhe. Ní foláir don Rómáin freisin gach beart is gá a chur chun feidhme chun inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac go héifeachtúil, lena n-áirítear comhar a neartú le tríú tíortha.

(3) Plean Gníomhaíochta agus Straitéis le haghaidh Athchóiriú na Breithiúnachta arna dtabhairt suas chun dáta agus arna n-iomlánú a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na príomhbhearta chun an Dlí maidir le hEagrúchán na Breithiúnachta, an Dlí maidir le Stádas na Máistreoirí agus an Dlí maidir le hUaschomhairle na Máistreoireachta a tháinig i bhfeidhm an 30 Meán Fómhair 2004 a chur chun feidhme. Ní foláir an dá dhoiciméad arna dtabhairt suas chun dáta a thíolacadh don Aontas tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2005; ní foláir acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna leordhóthanacha le haghaidh chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a áirithiú agus ní foláir an Plean a chur chun feidhme gan a thuilleadh moille agus i gcomhréir leis an sceideal ama atá socraithe. Ní foláir don Rómáin freisin lánoibríochtúlacht an chórais nua le haghaidh dáileadh fánach cásanna a léiriú faoi mhí an Mhárta 2005.

(4) Dlús suntasach a chur leis an gcomhrac i gcoinne éilliú agus go háirithe i gcoinne éilliú ardleibhéil trí dhianfhorghníomhú na reachtaíochta i gcoinne éilliú agus neamhspleáchas éifeachtúil Oifig Náisiúnta na nIonchúisitheoirí i gcoinne Éilliú (NAPO) a áirithiú agus trí chuntas teiste áititheach maidir le gníomhaíochtaí NAPO sa chomhrac i gcoinne éilliú ardleibhéil a thíolacadh go bliantúil amhail ó mhí na Samhna 2005. Caithfear an fhoireann agus na hacmhainní airgeadais agus oiliúna a thabhairt do NAPO, i dteannta leis an trealamh is gá chun go bhféadfaidh sí a feidhm bhunriachtanach a chomhlíonadh.

(5) Iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na torthaí agus ar an tionchar a bhí ag an Straitéis Náisiúnta láithreach i gcoinne Éilliú; conclúidí agus moltaí na hiniúchóireachta sin a léiriú sa straitéis ilbhliantúil nua i gcoinne éilliú nach foláir di bheith ina doiciméad cuimsitheach aonair a bheidh ann tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2005 agus lena ngabhfaidh plean gníomhaíochta a chuimseoidh tagarmharcanna arna sainiú go soiléir a bheidh le sroicheadh agus torthaí a bheidh le gnóthú, chomh maith le forálacha buiséadacha leordhóthanacha; caithfear cur chun feidhme na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta a bheith faoi mhaoirsiú comhlachta neamhspleách aonair atá ann agus atá sainithe go soiléir; ní foláir don straitéis gealltanas a chuimsiú an nós imeachta coiriúil fadálach a athbhreithniú faoi dheireadh 2005 chun a áirithiú go ndéileálfar le cásanna coiriúla ar dhóigh thapa thrédhearcach d'fhonn smachtbhannaí leordhóthanacha a áirithiú a mbeidh éifeacht bhactha acu; mar chríoch, caithfidh bearta a bheith sa Straitéis chun laghdú suntasach a dhéanamh faoi dheireadh 2005 ar an líon comhlachtaí a bhfuil cumhachtaí ag gach uile cheann acu chun éilliú a chosc nó a imscrúdú, d'fhonn freagrachtaí forluiteacha a sheachaint.

(6) Creat dlíthiúil soiléir a áirithiú faoi mhí an Mhárta 2005 do chúraimí an gendarmerie agus na póilíneachta faoi seach, agus don chomhar eatarthu, lena n-áirítear reachtaíocht a chur chun feidhme, agus plean soiléir earcaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme faoi lár na bliana 2005 don dá institiúid agus é de chuspóir dul

chun cinn suntasach a bheith déanta maidir leis na 7 000 folúntas sa phóilíneacht agus na 18 000 folúntas sa gendarmerie a líonadh faoi dháta an aontachais.

(7) Straitéis ilbhliantúil chomhghreamaitheach i gcoinne na coireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha chun srian a chur le stádas na Rómáine mar thír thionscnaimh, idirthurais nó chinn scríbe d'íospartaigh na gáinneála, agus staidreamh iontaofa a thíolacadh go bliantúil amhail ó mhí an Mhárta 2005 maidir leis an dóigh ina bhfuiltear ag dul i ngleic leis an bhfeiniméan coiriúil seo.

II. **I ndáil le hAirteagal 39(3)**

(8) Rialú éifeachtúil ag an gComhairle Iomaíochta a áirithiú i leith aon státchabhair a fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear Státchabhair dá bhforáiltear trí íocaíochtaí dliteanas fioscach nó sóisialta do bhuiséad an Stáit a chur siar nó dliteanais a bhaineann le soláthar fuinnimh a chur siar.

(9) Teist fhorghníomhú na státchabhrach a neartú gan mhoill agus teist fhorghníomhaithe shásúil a áirithiú as sin amach i gcoinne trustaí agus i réimse na státchabhrach freisin.

(10) Plean coigeartaithe um athstruchtúrú cruach (lena n-áirítear an Clár Náisiúnta um Athstruchtúrú agus na Pleananna Leithleacha Gnó) a thíolacadh don Choimisiún faoi lár mhí na Nollag 2004 i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach i bPrótacal 2 maidir le táirgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile ([1]), agus leis na coinníollacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII, Caibidil 4, Roinn B, a ghabhann leis an bPrótacal.

Lánurraim a thabhairt don ghealltanas gan aon státchabhair a dheonú ná a íoc do na muilte cruach atá faoi réir na Straitéise Náisiúnta um Athstruchtúrú ón 1 Eanáir 2005 go dtí an 31 Nollaig 2008 agus lánurraim a thabhairt do na méideanna státchabhrach agus na coinníollacha maidir le laghduithe cumais a bheidh le cinneadh i gcomhthéacs Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile.

(11) Leanúint d'acmhainní dóthanacha airgeadais agus acmhainní dóthanacha daonna a bhfuil cáilíochtaí leormhaithe acu a chur ar fáil don Chomhairle Iomaíochta.

---

([1]) IO L 357, 31.12.1994, lch. 2. Comhaontú arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/2003 ó Chomhairle Chomhlachais AE/na Rómáine an 25.9.2003 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil).